

Scéim rothar

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi phlé ar scéim rothar poiblí a bhunú i gCorcaigh. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí Gaeilge a aimsiú do na míreanna seo thíos:

1. a campaign has started
2. city (big)
3. it is thought
4. little need
5. Junior Minister
6. suitable
7. he admitted
8. from a touristic and from an industrial point of view
9. potential
10. It's not likely to happen

Ceist 2

Anois féach ar an tuairisc cúpla uair. An raibh an ceart agaibh?

Ceist 3

Anois féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cé mhéad rothar is féidir a chur ar fáil ar €7 milliún?
2. Cén fáth a raibh Alan Kelly i gCathair Chorcaí agus cad a bhí le rá aige?
3. Cé eile a bhí ag an siompóisiam?
4. Cad a bhí le rá ag Darren McAdam O'Connell agus ag Gerry Murphy?

Ceist 4.

'go bhféadfaí' agus 'bheinn dóchasach'

- (a) Cén chuid den ghramadach atá i gceist leis na focail i *gcló iodálach* thuas?
- (b) Bain úsáid as na briathra seo thíos chun na rialacha a bhaineann leis an ghné sin a chur in iúl.

<i>Cuir</i>	<i>Ceannaigh</i>	<i>Sábháil</i>	<i>Freastail</i>

- (c) Anois, cad é an fhoirm cheisteach agus an freagra diúltach do na briathra sin? Breac do chuid freagraí isteach sna boscaí chomh maith.
- (d) Féach ar na briathra mírialta arís – scríobh amach an fhoirm cheisteach sa mhodh coinníollach, chomh maith leis na freagraí diúltacha agus dearfacha. Tá an chéad cheann déanta duit.

Abair: ***An ndéarfá? Déarfainn / ní déarfainn***
Beir: _____
Bí: _____
Clois: _____
Déan: _____
Faigh: _____
Feic: _____
Ith: _____
Tabhair: _____
Tar: _____
Téigh: _____

Ceist 5 'Ardchathair'

- (a) Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'cathair' sa sampla thuas?
(b) Cuir na focail idir lúbíní i gcomhfhocail agus déan pé athrú is gá:

(sráid)(baile) _____
(bun)(cóip) _____
(ard)(céim) _____
(idir)(bliain) _____
(ainm)(focal) _____
(cluas)(tuiscint)* _____

- (c) Cén inscne atá ag na focail ó (b) thuas?
(d) Cad is féidir leat a rá faoin sampla ó (b) a bhfuil réiltín in aice leis?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad iad na buntáistí a bhaineann le scéim rothar mar seo i gcathracha móra, dar leat?

An síleann tú go n-éireodh lena leithéid de scéim i gCathair Chorcaí?

An bhfuil rothar agat féin agus an gcaitheann tú clogad? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 agus Ceist 2

1. a campaign has started – *tá tús curtha le feachtas*
2. city (big) – *ardchathair*
3. it is thought – *meastar*
4. little need – *is beag éileamh*
5. Junior Minister – *Aire Sóisearach*
6. suitable – *oiriúnach*
7. he admitted – *d'admhaigh sé*
8. from a touristic and from an industrial point of view – *ó thaobh turasóireachta agus ó thaobh tionscail de*
9. potential – *poitéinseal*
10. It's not likely to happen – *ní dócha go dtarlódh sé*

Ceist 3

1. Meastar go bhféadfaí breis is dhá chéad rothar a chur ar fáil.
2. Bhí an tAire Sóisearach sa Roinn Iompair, Alan Kelly, sa chathair chun siompóisiam ar an scéim rothar a sheoladh i Halla na Cathrach. Agus cé go raibh sé dóchasach go mbeadh Cathair Chorcaí i gcoitinne oiriúnach do scéim rothar mar atá acu i mBaile Átha Cliath, d'admhaigh sé nach dtarlódh sé gan infheistíocht phríobháideach.
3. Bhí daoine a bhíonn gníomhach i gcúrsaí rothaíochta chomh maith leo siúd a d'eagraigh an siompóisiam.
4. Darren McAdam O'Connell – Creideann sé gur féidir a leithéid de scéim a chur i bhfeidhm i gCathair Chorcaí, go háirithe sa deisceart, mar d'éirigh go maith léi i mBaile Átha Cliath agus i mbaile beag sa Spáinn a raibh sé féin ann.
Gerry Murphy – Síleann sé go n-éireodh leis an scéim agus go gcuirfeadh na rothair go mór le turasóireacht agus le tionscal sa chathair, agus go gcuirfeadh sé chomh maith le híomhá dhearfach na cathrach.

Ceist 4

- (a) An Modh Coinníollach
(b)

<i>Cuir</i>	<i>Ceannaigh</i>	<i>Sábháil</i>	<i>Freastail</i>
Chuirfinn	Cheannóinn	Shábhálfainn	<i>D'fhreastalóinn</i>
Chuirfeá	Cheannófá	Shábhálfá	<i>D'fhreastalófá</i>
Chuirfeadh sé/sí	Cheannódh sé/sí	Shábhálfadh sé/sí	<i>D'fhreastalódh sé/sí</i>
Chuirfimis	Cheannóimis	Shábhálfaimis	<i>D'fhreastalóimis</i>
Chuirfeadh sibh	Cheannódh sibh	Shábhálfadh sibh	<i>D'fhreastalódh sibh</i>
Chuirfidís	Cheannóidís	Shábhálfaidís	<i>D'fhreastalóidís</i>
Chuirfeadh siad	Cheannódh siad	Shábhálfadh siad	<i>D'fhreastalódh siad</i>
An gcuirfeadh sé?	An gceannófá?	An sábhálfaidís?	An bhfreastalóinn?
Chuirfeadh	Cheannóinn	Shábhálfaidís	<i>D'fhreastalóinn</i>
Ní chuirfeadh	Ní cheannóinn	Ní shábhálfaidís	Ní fhreastalóinn
<i>SB</i>	<i>SB</i>	<i>SB</i>	<i>SB</i>
<i>Chuirfí</i>	<i>Cheannófaí</i>	<i>Shábhálfaí</i>	<i>D'fhreastalófaí</i>

(c)

Abair:	<i>An ndéarfá? Déarfainn / ní déarfainn</i>
Beir:	<i>An mbéarfá? Bhéarfainn / ní bhéarfainn</i>
Bí:	<i>An mbeifeá? Bheinn / ní bheinn</i>
Clois:	<i>An gcloisfeá? Chloisfinn / ní chloisfinn</i>
Déan:	<i>An ndéanfá? Dhéanfainn / ní dhéanfainn</i>
Faigh:	<i>An bhfaighfeá? Gheobhainn / Ní bhfaighinn</i>
Feic:	<i>An bhfeicfeá? D'fheicfinn / ní fheicfinn</i>
Ith:	<i>An íosfá? D'íosfainn / ní íosfainn</i>
Tabhair:	<i>An dtabharfá? Thabharfainn / ní thabharfainn</i>
Tar:	<i>An dtiocfá? Thiocfainn / ní thiocfainn</i>
Téigh:	<i>An rachfá? Rachainn / ní rachainn</i>

Ceist 5

- (a) Nuair a thagann dhá fhocal le chéile chun focal nua a chruthú cuirtear séimhiú ar an dara focal nuair is féidir.
- (b) / (c)
- sráidbhaile *f*
 - bunchóip *b*
 - ardchéim *b*
 - idirbhliain *b*
 - ainmfhocal *f*
 - cluastuiscint*

Braitheann inscne an chomhfhocail ar inscne an dara focal i gcónaí.

*Ní féidir séimhiú a chur ar d, t, l, s, agus n tar éis d, t, l, s, agus n.

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Caoimhe Ní Chonchoille

Tá tús curtha le feachtas le scéim rothar poiblí a bhunú i gCathair Chorcaí, mar atá san ardchathair le trí bliana anuas. Meastar go bhféadfaí breis agus dhá chéad rothar a chur ar fáil ar chostas seacht milliún euro.

Barraí Mescall

Más ar Chnoc Phádraig atá cónaí ort i gCathair Chorcaí is beag éileamh a bheidh agat ar rothar ann, ach bhí an tAire Sóisearach sa Roinn Iompair, Alan Kelly, faoin gcathair inniu chun siompóisiam ar an ábhar a sheoladh i Halla na Cathrach. Agus cé go raibh sé dóchasach go mbeadh Cathair Chorcaí i gcoitinne oiriúnach do scéim rothar mar atá acu i mBaile Átha Cliath, d'admhaigh sé nach dtarlódh sé gan infheistíocht phríobháideach.

Mar aon le lucht eagraithe an tsiompóisiam bhí daoine a bhíonn gníomhach i gcúrsaí rothaíochta go rialta sa chathair.

Darren McAdam O'Connell, Feachtas Rothaíochta Chorcaí

D'éirigh go breá leis an scéim i mBaile Átha Cliathⁱ ach tá scéim feicthe agamsa i mbaile beag sa Spáinn, baile cosúil le Corcaigh agus bheinn dóchasach go n-oibreoidh* scéim i gCorcaigh, sa deisceart go háirithe.

Gerry Murphy, An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Ceapaim go n-éireoidh* go maith le scéim rothar i gCorcaigh. Em, bheadh sé go hiontach le haghaidh na cathrachⁱⁱ ó thaobh turasóireachta agus ó thaobh tionscail. Agus freisin, bheadh íomhá iontach sa chathair de bharr na scéime.ⁱⁱⁱ

Barraí Mescall

Cinnté tá poitéinseal ag áit mar Chorcaigh do scéim na rothar, go háirithe i ndeisceart na cathrach ach mura dtiocfar ar infheistíocht phríobháideach le cur le hairgead stáit, ní dócha go dtarlódh sé. Barraí Mescall, Nuacht TG4, Cathair Chorcaí.

*Bheadh an modh coinníollach níos fearr sna cásanna sin.

ⁱ i *Bhaile Átha Cliath* a deirtear

ⁱⁱ *an chathair* a deirtear

ⁱⁱⁱ *an scéim* a deirtear